

Fásann an réaltbhuíon Galileo níos mó tar éis Lainseáil 11 rathúil

EUSPA/PR/21/05 Prág, 5 Nollaig 2021

Lainseáladh dhá shatailít nua Galileo ó spásfort na hEorpa in Kourou, Guáin na Fraince an 4 Nollaig 2021, rud a fhágann gur lainseáladh 28 satailít Galileo san iomlán go dtí seo, rud a chumasaíonn soláthar seirbhísí níos láidre agus comharthaí níos beachte thar raon tionscal.

Níos luaithe inniu, d'éirigh an lainseálaí Soyuz VS-26 go rathúil de thalamh ó Kourou, Guáin na Fraince, le haghaidh turas a mhaireann beagnach ceithre uair an chloig go dtí scaradh na satailítí Galileo 27-28 ón roicéad. Is í Lainseáil 11 Galileo an chéad cheann i sraith de 6 lainseáil (agus dhá shatailít in aghaidh an lainseála), rud a chuirfidh ar chumas Galileo cruinneas níos fearr a sholáthar d'úsáideoirí atá ann cheana féin agus deiseanna margaidh nua a chruthú.

Cuireadh na satailítí Galileo amach ón gcéim uachtarach den lainseálaí ag 05:09 CET, agus tá siad á mbainistiú faoi láthair ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) agus ag a foireann thionsclaíoch, atá i gceannas ar na hoibríochtaí satailíte ó scaradh na feithicle Lainseála ar aghaidh, mar chuid den Chéim Lainseála agus Luathfhithise (LEOP).

Tá an LEOP ar cheann de na céimeanna ríthábhachtacha de mhisean spáis ina lainseáladh an spásárthach agus ina cuireadh isteach san fhithis ceart é, agus ina ndéantar na chéad eilimintí satailíte a lasadh agus a thástáil de réir a chéile. Thar na laethanta ina dhiaidh sin, beidh an fhoireann EUSPA atá i gceannas ar na hoibríochtaí satailíte tar éis scaradh ón bhfeithicil lainseála ag ainliú na satailítí den chéad uair ón Lárionad Rialaithe Galileo tiomnaithe in Oberpfaffenhofen, an Ghearmáin go dtí go gcuirtear iad go beacht isteach ina bhfithis bhaile ag 23 525 km. Ar choimisiúnú agus diantástálacha i bhfithis, rachaidh an spásárthach isteach i soláthar seirbhíse Galileo.

Mar chuid de chomhpháirtíocht Eorpach, déanann an Coimisiún Eorpach bainistíocht ar Galileo, i gcomhar le EUSPA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis) ag déanamh maoirseachta ar oibríochtaí agus soláthar seirbhíse Galileo, agus le GSE ina cháil mar an t-údarás deartha a dhéanann maoirseacht ar a fhorbairt, a fhaigheann satailítí, agus a dhéanann maoirseacht ar an gcuid ar an talamh.

“Inniu is féidir linn ceiliúradh go bródúil ar gharspíoc eile atá bainte amach ag an tionscadal tionsclaíoch is uailmhianaí agus is mó san Aontas Eorpach, Galileo” a deir Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUSPA, Rodrigo da Costa. Is céim an-tábhachtach dár níos mó ná 2 bhiliún úsáideoir ar fud an domhain é satailítí 27-28 a chur go rathúil leis an gcóras suite is cruinne ar domhan agus is é sin an toradh ar chomhoibriú láidir idir muid féin, an Coimisiún Eorpach, Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE), agus ár gcomhpháirtithe tionsclaíocha. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na páirtithe uile lena mbaineann, atá ag obair gan staonadh lena chinntiú go mbeidh rath ag baint leis an misean.”

Maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Soláthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) seirbhísí Eorpacha loingseoireachta satailíte atá sábháilte agus slán; cuireann sí tráchtáilú shonraí agus sheirbhísí Galileo, EGNOS agus Copernicus chun cinn; agus comhordaíonn sí GOVSATCOM, an clár cumarsáide satailíte rialtais atá le teacht ó AE. Tá EUSPA freagrach as creidiúnú slándála a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile de Chlár Spáis AE. Trí chabhrú le hearnáil spáis atá nuálach agus iomaíoch a fhorbairt agus trí dhul i dteagmháil le pobal iomlán Spáis AE, rannchuidíonn EUSPA leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach agus le sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú, agus neamhspleáchas agus athléimneacht an Aontais á threisiú aige an tráth céanna.

Tuilleadh faisnéise:

Marie Ménard

Oifigeach Cumarsáide EUSPA Marie.Menard@euspa.europa.eu

Teil.: +420 237 766 627 // Fón póca: +420 602 619 776